

October 12th, 2023

Notice Of Meeting

You are requested to attend the meeting to be held on Thursday, 12th October 2023 at 6:00 pm in Microsoft Teams & Boardroom, Monaghan Row, Newry.

Committee Membership 2023 - 2024

Councillor L McEvoy **Chairperson**

Councillor C Enright **Deputy Chairperson**

Councillor J Brennan

Councillor P Byrne

Councillor O Hanlon

Councillor R Howell

Councillor T Kelly

Councillor A Lewis

Councillor D McAteer

Councillor A Mathers

Councillor S O'Hare

Councillor A Quinn

Councillor H Reilly

Councillor G Sharvin

Councillor D Taylor

Agenda

1.0 Apologies and Chairperson's Remarks

Cllr Taylor

2.0 Declarations of Interest

3.0 Action Sheet arising from Strategy, Policy & Resources Committee Meeting held on 14 September 2023

[SPR-Action Sheet arising from 2023 09 14.pdf](#)

Page 1

Corporate Planning and Policy

4.0 Irish Language Strategy

[Tuairisc ar Straiteis na Gaeilge 2024-2027.pdf](#)

Page 7

[II. Straiteis na Gaeilge 2024 -2027.pdf](#)

Page 10

[I. Anailis ar an Chomhairliuchan - Straiteis na Gaeilge 2023-2027.pdf](#)

Page 22

[Report on Irish Language Strategy 2024-2027.pdf](#)

Page 38

[II. Irish Language Strategy 2024-2027.pdf](#)

Page 41

[I. Consultation analysis Irish Language Strategy 2023-2027.pdf](#)

Page 53

Democratic Services

5.0 Council's Decision Making Process

[Council Decision-Making Processes.pdf](#)

Page 72

[Council Decision-Making Process-Appendix 1.pdf](#)

Page 74

[Council Decision Making Process-Appendix 2.pdf](#)

Page 77

For Discussion/Decision




6.0 Mourne Gateway - ICT Procurement

[SPR ReportOct 23 - ICT Procurement - vf.pdf](#)



Page 80

Items deemed to be exempt under paragraph 3 of Part 1 of Schedule 6 of the Local Government Act (NI) 2014



7.0 Proposed Surrender of Lease at Lisnacree

-  *Surrender of Lease at Lisnacree -12th Oct 2023.pdf* **Not included**
-  *Lease Map for Lisnacree Comm Centre.pdf* **Not included**
-  *Photo of building at Lisnacree CC (002).jpg* **Not included**






8.0 Licence for Unit at Milltown Playing Fields

-  *Licence for Unit at Milltown Playing Fields Warrenpoint- October 2023.pdf* **Not included**
-  *Map for Storage Unit at Milltown Playing Fields.pdf* **Not included**

9.0 Renewal of Licence at Bessbrook Community Centre

-  *Renewal of Lease for Office at Bessbrook Community Centre-October 2023 SPR.pdf* **Not included**
-  *NM028-B-1-10 Map of Office at Bessbrook Community Centre.pdf* **Not included**

10.0 Report on Conacre Lettings

-  *Report on Conacre Lettings- October 2023 SPR.pdf* **Not included**
-  *Map 1 - Kilbroney Map.pdf* **Not included**
-  *Map 2 - Courtney Hill Map.pdf* **Not included**
-  *Map 3 - Carrigenagh Road Map.pdf* **Not included**
-  *Map 4 - Rostrevor Map.pdf* **Not included**


11.0 Lease of Office Space at Market House, Ballynahinch

-  *Lease of Office Space in Market House Ballynahinch.pdf* **Not included**

12.0 Forest Park Charging

-  *SPR Forest Park Charging - - vf.pdf* **Not included**

13.0 Electronic Grant Management System

-  *SPR Oct 2023 - EGMS Grant system BC - 06.10.2023.pdf* **Not included**

Invitees

- Cllr Terry Andrews
-
- Cllr Callum Bowsie
-
- Cllr Jim Brennan
-
- Cllr Pete Byrne
-
- Mr Gerard Byrne
-
- Cllr Philip Campbell
-
- Mr Andrew Cassells
-
- Cllr William Clarke
-
- Mrs Linda Cummins
-
- Cllr Laura Devlin
-
- Ms Louise Dillon
-
- Cllr Cadogan Enright
-
- Cllr Doire Finn
-
- Cllr Aoife Finnegan
-
- Ms Joanne Fleming
-
- Cllr Conor Galbraith
-
- Cllr Mark Gibbons
-
- Cllr Oonagh Hanlon
-
- Cllr Glyn Hanna
-
- Cllr Valerie Harte
-
- Cllr Roisin Howell
-
- Ms Catherine Hughes
-
- Cllr Jonathan Jackson
-
- Cllr Geraldine Kearns
-
- Mrs Josephine Kelly
-
- Cllr Tiarna Kelly
-
- Mrs Sheila Kieran
-
- Cllr Cathal King
-
- Cllr Mickey Larkin
-
- Cllr David Lee-Surginor
-
- Cllr Alan Lewis
-
- Cllr Oonagh Magennis
-
- Mr Conor Mallon
-
- Cllr Aidan Mathers
-
- Cllr Declan McAteer
-
- Cllr Leeanne McEvoy
-
- Cllr Andrew McMurray
-
- Catrina Miskelly
-
- Mr Colin Moffett
-
- Maureen/Joanne Morgan/Johnston
-
- Cllr Declan Murphy
-
- Cllr Kate Murphy
-

Cllr Selina Murphy
.....
Cllr Siobhan O'Hare
.....
Cllr Áine Quinn
.....
Cllr Henry Reilly
.....
Cllr Michael Rice
.....
Mr Peter Rooney
.....
Cllr Michael Ruane
.....
Cllr Michael Savage
.....
Cllr Gareth Sharvin
.....
Donna Starkey
.....
Sarah Taggart
.....
Paul Tamati
.....
Cllr David Taylor
.....
Cllr Jarlath Tinnelly
.....
Cllr Jill Truesdale
.....
Mrs Marie Ward
.....

<u>ACTION SHEET – STRATEGY, POLICY AND RESOURCES COMMITTEE MEETING (SPR) – THURSDAY 15 JUNE 2023</u>					
SPR/078/2023	Lease of The Old Gasworks Site, Newry	It was agreed to defer this item. Paper presented at September Meeting	P Rooney	Agreed	Y
<u>ACTION SHEET – STRATEGY, POLICY AND RESOURCES COMMITTEE MEETING (SPR) – THURSDAY 14 SEPTEMBER 2023</u>					
SPR/121/2023	Newry City Park	It was agreed to approve the following recommendations: <ul style="list-style-type: none"> • Council officers continue to work with the Department to secure the Department of Finance funding approval and work with all stakeholders and partners to deliver the project under the direction of the NCCR Programme board. • Council officers will continue to investigate potential funding sources for all projects within the Council Capital Plan and progress the development of projects to a stage where they are eligible for submission to the relevant fund. • Council to ask that NCCR to investigate submitting a full planning application for the Newry City Plan masterplan so that we satisfy all pre-requisites for future funding bids to develop further phases in parallel with council delivering phase 1’. 	C Mallon	Agreed	Y

SPR/122/2023	Notice of Motion	It was agreed that SPR Committee consider and agree the proposal to add identification of funding streams to SFWG agendas.	J Kelly	Agreed	Y
SPR/123/2023	Equality Action Plan 2023-2027 and Disability Action Plan 2023-2027	It was agreed to consider the consultation analyses and approve the Disability Action Plan 2023-2027 and the Equality Action Plan 2023-2027.	C Moffett	Agreed	Y
SPR/124/2023	Public Consultation on the Proposed Draft Strategic Framework to End Violence against Women and Girls and Foundational Action Plan	It was agreed to approve the consultation response on the draft Strategic Framework to End Violence Against Women and Girls and Foundational Action Plan (appendix 1)	G Scott	Agreed	Y
SPR/125/2023	Assessment Performance 2022-23	It was agreed to approve the following recommendations: <ul style="list-style-type: none"> • The Assessment of Performance 2022-23, including the summary document 'Our Performance Looking Back Going Forward' • That the Assessment of Performance 2022-23 is published by 30 September 2023, before full Council ratification, in order to meet the statutory deadline. 	G Byrne	Agreed	Y

ITEMS RESTRICTED IN ACCORDANCE WITH PART 1 OF SCHEDULE 6 OF THE LOCAL GOVERNMENT ACT (NI) 2014

SPR/126/2023	Mobile Device, Voice and Data Services	It was agreed to consider the contents of the report and approve the procurement of mobile device, voice and data services through Lot 1 of the CCS RM6261 Framework Agreement.	J Kelly	Agreed	Y
SPR/127/2023	Lease of Lands at Barcroft Community Centre, Newry	It was agreed that Elected Members approve to lease the lands shaded purple on the map attached in the officer's report to the Tenants for the residue of the term of the 2018 Lease (15 years from 1st January 2017) at a peppercorn rent subject to Departmental consent.	P Rooney	Agreed	Y
SPR/128/2023	Lease of the Old Gasworks Site, Newry	It was agreed that Elected Members approve to enter into a new lease in respect of the Unit to the party noted in the report for a term of 5 years from the 1st of December 2022 subject to market value rent as determined by Council's valuer.	P Rooney	Agreed	Y

SPR/129/2023	Kilkeel Leisure Centre – Capital Build Project	<p>It was agreed Elected Members approve the following recommendations:</p> <ul style="list-style-type: none"> • 'Essential and Enhancement Works' for the Kilkeel Leisure Centre Capital project at a revised cost as outlined in section 4.1 of the report. • Commence the procurement process to appoint a contractor and commence construction delivery in accordance with Northern Ireland Public Procurement Policy (NIPPP) via the central government consultant's framework agreement. 	P Tamati	Agreed	Y
SPR/130/2023	IFA/DCMS – Funding – Kilkeel Training Pitch	<p>It was agreed Elected Members approve for 50% match funding to develop a Multi-Use Games Area at Kilkeel Leisure Centre at a cost outlined in section 4.1 of this report.</p>	P Tamati	Agreed	Y
SPR/131/2023	Surplus Assets Update	<p>It was agreed Elected Members approve the following recommendations:</p> <ul style="list-style-type: none"> • To remove the Former Kearns and Murtagh site from disposal process and retain site. • To withdraw the D1 Application made by Sir Hans Sloane Centre at this stage as the timescales within the process have not been met and there are still outstanding issues that need to be addressed prior to disposal. This will allow the issues that have arisen to be explored further before next steps are considered. A report will be brought back in due course to the Committee. • To note the current lack of interest in the site at Patrick Street and that Officers will look at the options available and report back to the Committee in due course. 	C Boyd	Agreed	Y N N

SPR/132/2023	Tyrella Beach Amenity Building	It was agreed Elected Members approve to appoint an Integrated Consultancy Team and contractor to deliver the Tyrella Beach Amenity Building project as detailed in the project business case and to approve inclusion of funding within section 4 of the Capital Plan.	A Patterson	Agreed	Y
SPR/133/2023	Downpatrick Regeneration Projects	It was agreed Elected Members approve to procure and appoint a consultancy team to progress regeneration projects for DeCourcy Place & Church Street in Downpatrick as aligned with the new Living High Streets Masterplan for the town and detailed in the project business case and approve inclusion of funding within section 4 of the of the Capital Plan.	A Patterson	Agreed	Y
SPR/134/2023	Animal Welfare Funding	It was agreed Elected Members approve the instructing of Belfast City Council Legal Service to draft a Pre Action-Protocol letter on behalf of the 11 District Councils with a view to same being issued by the Chief Executive of Fermanagh and Omagh District Council on behalf of the 11 Councils and to receive further reports on the matter as the developments take place.	A Cassells	Agreed	Y
<u>FOR NOTING – This item is deemed to be exempt under paragraph 3 of Part 1 of Schedule 6 of the Local Government Act (Northern Ireland) 2014</u>					
SPR/135/2023	Strategic Finance Working Groups Action Sheet – 7 September 2023	It was agreed to note the Strategic Finance Working Group Action Sheet.	J Kelly	Agreed	Y

FOR NOTING					
SPR/136/2023	Sustainability Section Update	It was agreed to note the update on area of work being carried out by the Sustainability Section.	A Cassells	Agreed	Y
SPR/137/2023	Mournes Gateway Project	It was agreed to note the contents of the report and associated background documents that can be made available on request.	A Patterson	Agreed	Y
SPR/138/2023	Minutes of Newry City Centre Regeneration Project Board Meeting held on Friday 30 th June 2023	It was agreed to note the Minutes of Newry City Centre Regeneration Project Board Meeting held on Friday 30 th June 2023.	C Mallon	Agreed	Y

END

Tuairisc do:	An Coiste Straitéise, Polasaí agus Acmhainní
Dáta an Chruinnithe:	12 Deireadh Fómhair 2023
Ábhar:	Straitéis na Gaeilge 2024-2027
Oifigeach Tuairiscithe (Teideal Poist san áireamh)	Colin Moffett, Ceannaire Beartais Chorporáidigh
Oifigeach Teagmhála (Teideal Poist san áireamh):	Louise Smith, Bainisteoir Aonad na Gaeilge

Deimhnigh cad é atá uait faoin Tuairisc seo le x a chur i mbosca amháin:-

Le haghaidh cinnidh	X	Le nótaíl	
1.0		Aidhm agus Cúlra	
1.1		Is é cuspóir na tuairisce seo an anailís a rinneadh ar na freagraí comhairliúcháin a mheas agus Straitéis na Gaeilge 2024-2027 a fhaomhadh.	
1.2		<p>D'ullmhaigh Aonad na Gaeilge dréacht-Straitéis na Gaeilge agus rinne an Fhoireann Bainistíochta Corparáidí (CMT), an Fhoireann Ard-Bhainistíochta (SMT) agus An Coiste Straitéise, Polasaí agus Acmhainní í a mheas (15 Nollaig 2022).</p> <p>Reáchtáladh comhairliúchán poiblí a mhair 12 sheachtain idir 20 Márta 2023 - 12 Meitheamh 2023. Baineadh úsáid as an ardán rannpháirtíochta <i>Living Well Together</i> don phróiseas agus fógraíodh an comhairliúchán poiblí sna nuachtáin áitiúla agus trí ardáin meán sóisialta na Comhairle. Ina theannta sin, roinneadh le grúpaí agus eagraíochtaí Gaeilge a bhfuil teagmháil ag an Chomhairle leo agus le daoine ar liosta comhairliúcháin na Comhairle é.</p> <p>Leagtar amach anailís ar na freagraí comhairliúcháin in Aguisín I. Faightear leagan críochnúil de Straitéis na Gaeilge 2024-2027 in Aguisín II.</p> <p>Tá Aguisín I briste síos ina 4 chuid bunaithe ar leagan amach an tsuirbhé. Díritear ar an mhisean, ar an fhís, ar an dá chuspóir straitéiseacha agus ar na gníomhartha dearfacha atá gabháil leo. Ag deireadh gach cuid den tuairisc, tá rannán ina gcuimsítear tuairimí agus moltaí na bhfreagróirí, chomh maith le freagraí agus moltaí na Comhairle, agus na nithe atá le déanamh.</p>	
2.0		Príomhábhair phlé	
2.1		<p>Fuair an Chomhairle 70 freagra.</p> <p>Bhí formhór na bhfreagraí dearfach agus na freagróirí ag tacú leis an straitéis agus lena gníomhartha dearfacha. Cé gur fhreagair roinnt daoine go raibh siad i gcoinne Straitéis na Gaeilge, i mórán cásanna thug na freagróirí moltaí dearfacha ar fiú iad a mheas. Ó am go chéile, mheas na hoifigigh go raibh na moltaí a rinne na freagróirí cuimsithe faoi Gníomhartha Dearfacha a aithníodh cheana féin.</p>	

2.2	Ar 27 Meán Fómhair 2023, bhí cruinniú den Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge ann. Rinne an Grúpa an cháipéis anailíse ar na freagraí comhairliúcháin agus an Straitéis Gaeilge uasdátaithe a mheas ag an chruinniú sin.
3.0	Moltaí
3.1	Iarrtar ar bhaill thofa Straitéis na Gaeilge 2024-2027 a mheas agus a fhaomhadh.
4.0	Impleachtaí acmhainní
4.1	Cé go bhfuil sé beartaithe go gcuirfear an straitéis seo i bhfeidhm laistigh de na hacmhainní atá leagtha amach faoi láthair, coinneofar na riachtanais acmhainní fisiciúla agus airgeadais atá de dhíobháil faoi athbhreithniú agus Straitéis na Gaeilge 2024-2027 á cur i bhfeidhm.
5.0	An aird chuí a thabhairt ar chomhionannas deise agus ar dhea-chaidrimh (na míreanna ábhartha a chomhlánú)
5.1	<p><i>Moladh ginearálta gan aon tionchar faoi leith ar thorthaí comhionannais agus dea-chaidrimh</i></p> <p>Níltear ag dúil leis go mbeidh drochthionchar ag an mholadh ar chomhionannas deiseanna ná ar dhea-chaidrimh. <input type="checkbox"/></p>
5.2	<p><i>Baineann an moladh le straitéis, tionscnamh beartais nó cleachtas agus/nó cinneadh íogair nó conspóideach a thabhairt isteach</i></p> <p>Baineann <input checked="" type="checkbox"/> Ní bhaineann <input type="checkbox"/></p> <p>Má bhaineann, déan an méid a leanas a chomhlánú:</p> <p>Rinneadh scagadh comhionannais ar an pholasaí (straitéis, tionscnamh beartais nó cleachtas agus/nó cinneadh). <input checked="" type="checkbox"/></p> <p>Déanfar scagadh comhionannais ar an pholasaí (straitéis, tionscnamh beartais nó cleachtas agus/nó cinneadh) sula gcuirfear i bhfeidhm é. <input type="checkbox"/></p>
5.3	<p><i>Tús a chur leis an chomhairliúchán</i></p> <p>Lorgófar tuairimí na ndaoine sin a ndéanann an moladh tionchar díreach orthu sa chomhairliúchán. Tabharfar aghaidh ar na bacainní atá ar chatagóirí áirithe comhionannais (in Alt 75) maidir le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus tabharfar go leor ama do ghrúpaí dul i gcomhairle lena chéile. <input type="checkbox"/></p> <p>Mairfidh an tréimhse chomhairliúcháin 12 sheachtain <input type="checkbox"/></p> <p>Beidh tréimhse chomhairliúcháin níos lú ná 12 sheachtain ann (réasúnaíocht le cur thíos) <input type="checkbox"/></p> <p><i>Réasúnaíocht:</i></p>

6.0	An aird chuí a thabhairt ar riachtanais na tuaithe (tic a chur leis na cinn ábhartha)
6.1	<p>Baineann an togra le forbairt, le glacadh, le cur i bhfeidhm nó le hathbhreithniú polasaí / straitéise / plan / dearadh agus/nó seachadadh seirbhíse poiblí</p> <p>Baineann <input checked="" type="checkbox"/> Ní bhaineann <input type="checkbox"/></p> <p>Má mbaineann, déan an méid a leanas a chomhlánú:</p> <p>Measúnú Tionchar ar Riachtanais Tuaithe déanta <input checked="" type="checkbox"/></p>
7.0	Aguisíní
	<p>Aguisín I: Comhairliúchán ar Straitéis na Gaeilge 2023-2027 – Anailís ar na freagraí</p> <p>Aguisín II: Straitéis na Gaeilge 2024-2027</p>
8.0	Cáipéisí cúlra
	N/B

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Straitéis na Gaeilge 2024-2027

Newry, Mourne and Down District Council

Irish Language Strategy 2024-2027



Clár an Ábhair

Intreoir	3
Creat Straitéiseach – Misean, Fís agus Luachanna	3
Cuspóirí Straitéiseacha	4
Creat an tSoláthair	4
Struchtúr agus Rialachas	5
Monatóireacht agus Athbhreithniú	5
Plean Gníomhaíochta	6

1. Intreoir

Aithníonn Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin gur dlúthchuid lárnach de chreatlach chultúir, oidhreacht agus féiniúlachta an cheantair í an Ghaeilge. Tá pobal Gaeilge láidir méadaitheach ina chónaí, ag obair, ag cuartaíocht agus ag bualadh le chéile i gceantar na Comhairle.

Tá an Chomhairle fós tiomanta do na cuspóirí atá leagtha amach i bPolasaí Dátheangachais na Comhairle agus déanfaidh muid iad a chur chun cinn go gníomhach; cuireadh na struchtúir riachtanacha i bhfeidhm le hé a chinntiú go mbeidh rath agus bláth inbhuanaithe ar an Ghaeilge agus ar an Ghaelphobal.

Aithníonn an Chomhairle, fosta, gur tugadh isteach an tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 agus go gcaithfidh an Chomhairle ullmhú do na caighdeáin teanga a d'fhéadadh Coimisinéir Gaeilge a chruthú amach anseo.

Ag tógáil ar Straitéis na Gaeilge 2020-2023, tá Straitéis na Gaeilge forbartha againn don tréimhse 2024-2027. Leagann an Straitéis (2024-2027) amach go leanfaidh an Chomhairle leis:

- an Ghaeilge a mhéadú i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna
- an Ghaeilge a úsáid ina cuid cumarsáide leis an phobal agus le páirtithe leasmhara; agus
- an Ghaeilge a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chothú fud fad an cheantair.

2. An Creatchlár Straitéiseach – misean, fíis agus luachanna

Tá misean na Comhairle leagtha amach ina dhá chuid:

- Comhshaol tacúil a chruthú do ghnáthúsáid na Gaeilge i riarachán inmheánach na Comhairle agus ina cuid gnóthaí le comhlachtaí poiblí eile agus leis an phobal féin.
- Caighdeáin cothromaíochta deiseanna a neadú, dul i ngleic le constaicí maidir le heolas agus seirbhísí, forbairt na Gaeilge a chur chun cinn, agus ceannasaíocht a léiriú le freastail ar riachtanais léirithe de chuid na bpobal Gaeilge atá ann cheana, chomh maith leo siúd atá ag teacht chun cinn.

Is í fíis na Comhairle do Straitéis na Gaeilge 2024-2027:

- Comhshaol tacúil inbhuanaithe a chruthú d'úsáid agus d'athghiniúint na Gaeilge sa saol poiblí, pearsanta, eacnamaíochta agus pobail.

Ar mhaithe leis na cuspóirí seo a bhaint amach, glacann muid treoir ó na cúig bunluach atá aitheanta i bPlean Corparáide na Comhairle 2023-2027:

- **Comhoibriú:** Oibreoidh muid i gcomhpháirtíocht le daoine eile
- **Freagrúil:** Éistfidh muid le dearthaí achan duine agus freagróidh muid go hoscailte agus go dearfach iad

- **Comhpháirtíocht:** Oibreoidh muid i gcomhpháirtíocht le cónaitheoirí agus baill foirne le riachtanais a mheas agus lenár gcuid seirbhísí a fheabhsú
- **Inmharthanacht:** Déanfaidh muid ár seirbhísí a nua-chóiriú agus a nuáil chun an ceantar a fhorbairt don ghluin seo agus do na glúnta atá amach romhainn; agus,
- **Trédhearcacht:** Déanfaidh muid ár gcinntí agus leithdháileadh acmhainní go hoscailte agus tiocfaidh an t-eolas dóibh ó fhianaise neamh-chlaonta.

Chomh maith leis na bunluachanna seo, tá rún againn bheith gníomhach agus forásach inár misean.

3. Cuspóirí Straitéiseacha

Is iad an dá chuspóir straitéiseacha atá ag Straitéis na Gaeilge 2024-2027:

Cuspóir Straitéiseach 1: Forbairt na Gaeilge a éascú, a chumasú agus a spreagadh laistigh de Chomhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin mar eagraíocht agus laistigh den cheantar féin.

Cuspóir Straitéiseach 2: Teagmháil éifeachtúil a dhéanamh le Pobal na Gaeilge chun ábaltacht an phobail a neartú, comhoibriú agus comhpháirtíocht a spreagadh agus deiseanna maoinithe a aithint.

4. Creat an tSoláthair

4.1 Ionas go mbainfear an dá chuspóir straitéiseacha amach, bainfidh muid úsáid as:

- **Gníomhartha dearfacha:** na mionsonraí agus scála na ngníomhartha
- **Measúnú feidhmíochta:** ag léiriú a éifeachtaí is atá an straitéis ag baint amach na spriocanna atá leagtha amach
- **Torthaí:** na hathruithe a tharlóidh mar thoradh ar an ghníomh
- **Freagracht:** cé atá freagrach as an ghníomh a chur i gcrích
- **Amscála:** cén uair a chuirfear an ghníomh i gcríoch

Tagann na gníomhartha le Plean Corparáide na Comhairle, agus leis an Pholasáí Dátheangachais chun úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla i gceantar na Comhairle a éascú agus a spreagadh trí:

- rochtain ar sheirbhísí agus eolas a mhéadú de réir a chéile;
- chumas phobal na Gaeilge a mhéadú, rannpháirtíocht chathartha a mhéadú, chomhoibriú agus comhpháirtíocht a spreagadh;
- inbhuanaitheacht agus inmharthanacht earnáil phobal na Gaeilge a fheabhsú;
- theagmháil agus líonrú a fhorbairt idir na pobail Gaeilge agus na hEarnálacha Reachtúla agus Deonacha;
- leithdháileadh buiséid cuí, monatóireacht, measúnú agus athbhreithniú.

5. Struchtúr agus Rialachas

Tá Aonad na Gaeilge sa Chomhairle freagrach as Straitéis na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Tá an tAonad ina chuid de Rannóg an Pholasaí Chorporáidigh atá faoi Stiúrtóireacht Seirbhísí Corparáide na Comhairle.

Tá ról lárnach ag an Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge maidir le cur i bhfeidhm Straitéis na Gaeilge a phlé agus a mheas. Níl an t-údarás ag an Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge cinntí a dhéanamh, ach amháin moltaí a thabhairt. Cuirtear na moltaí a thagann ón Ghrúpa seo faoi bhráid Choiste Straitéise, Polasaí agus Acmhainní na Comhairle.

6. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Ullmhófar tuairiscí gach sé mhí agus cuirfear faoi bhráid an Ghrúpa Oibre Traspháirtí um Straitéis na Gaeilge iad.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar Straitéis na Gaeilge le deimhniú go bhfuil na gníomhartha agus an buiséad a bhaineann léi go fóill ábhartha agus cuí.

Cuspóir Straitéiseach 1		Forbairt na Gaeilge a éascú, a chumasú agus a spreagadh laistigh de Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin mar eagraíocht agus laistigh den cheantar féin.		
Gníomh dearfach	Measúnú feidhmíochta	Torthaí	Freagracht	Amscála
1.1 Seirbhísí lárnacha Gaeilge a chur ar fáil trí Aonad na Gaeilge (AnaG)	<ul style="list-style-type: none"> Aistriúchán & Ateangaireacht Comhairle & Tacaíocht Taighde faoi: Chomharthaíocht / Ainmniú sráide & eastát tithíochta Uasdátú ar an acmhainn logainmneacha Clár le feasacht agus tuiscint i leith na Gaeilge a ardú Clár Sheachtain na Gaeilge 	Bunseirbhísí Gaeilge á gcur ar fáil don Chomhairle, gach Roinn agus Seirbhís, chomh maith leis an phobal An Ghaeilge agus Aonad na Gaeilge á gcur chun cinn go dearfach agus dearcthaí i leith na Gaeilge a fheabhsú Cur le tuiscint agus eolas i leith an Pholasaí Dátheangachais, Nósanna Imeachta agus Treoirínte	Aonad na Gaeilge (AnaG)	Croí-obair leanúnach an Aonaid (AnaG)
1.2 Córas soiléir agus treoirínte a fhorbairt agus a reáchtáil i dtaca le cáipéisí corparáideacha, comharthaíochta srl a aistriú	<ul style="list-style-type: none"> Pacáiste ríomhfhoghlama a fhorbairt do bhaill foirne Cur i láthair ar an chóras a dhéanamh ar Teams le hachair ama á bplé mar chuid dó An seoladh rphoist LUtranslations@nmandd.org a chruthú Bogearraí aistriúcháin a cheannach agus a úsáid 	Tuiscint níos fearr a chothú ar an phróiseas aistriúcháin Dea-thionchar ar chaidrimh le ranna eile trí chumarsáid éifeachtach Ardú in éifeachtúlacht agus cruinneas sa phróiseas aistriúcháin Caidrimh a thógáil taobh istigh den Chomhairle agus le ranna rialtais	Aonad na Gaeilge (AnaG) TF Foireann Foghlama agus Forbartha	Eanáir 2024
1.3 Pacáiste ríomhfhoghlama a fhorbairt agus a chur chun cinn; maidir le feasacht teanga, Straitéis Gaeilge na Comhairle, an Polasaí Dátheangachais agus a Nósanna Imeachta, agus maidir le Treoirínte	Líon na ndaoine ag glacadh seisiún eolais / traenála ar: <ul style="list-style-type: none"> Fheasacht teanga Shamplaí dea-chleachtais ar fud na heagraíochta 2 cheardlann ar a laghad gach bliain ar an Pholasaí Dátheangachais & Nósanna Imeachta agus Treoirínte	Aonad na Gaeilge ag cur na Gaeilge chun cinn i Seirbhísí na Comhairle / constaicí i leith na teanga a shárú Cur chuige leanúnach maidir le cur chun cinn na Gaeilge i seirbhísí na Comhairle Caighdeán seasmhach i leith	AnaG TF Foireann Foghlama agus Forbartha An Roinn Cumarsáide agus Margaíochta	Leanúnach Athbhreithniú ar an Pholasaí Dátheangachais, Nósanna Imeachta

<p>d'fhostaithe na Comhairle</p> <p>Athbhreithniú ar an Pholasáí Dátheangachais, Nósanna Imeachta agus Treoirínte d'fhostaithe na Comhairle</p>	<p>Polasaí Dátheangachais Athbhreithnithe</p> <p>Nósanna Imeachta an Pholasáí Dátheangachais athbhreithnithe</p> <p>Treoirínte athbhreithnithe d'úsáid na Gaeilge i gComhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin</p>	<p>soláthar seirbhísí, ag teacht le treoirínte Bhranda Corparáideach</p> <p>Treoirínte d'fhostaithe na Comhairle</p>		<p>agus Treoirínte d'fhostaithe na Comhairle le déanamh Eanáir 2025</p>
<p>1.4</p> <p>An Ghaeilge a phríomhshruthú i leith pleananna straitéiseacha agus ghnó, chomh maith le socruithe oibríochta le béim faoi leith ar sheirbhísí a mbíonn ag plé go díreach leis an phobal</p> <p>Clár corparáideach for-rochtana a fhorbairt le tuiscint agus dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt.</p>	<p>Cruinnithe le Stiúrthóireachtaí / réimse seirbhísí</p> <p>Sonraí na leasuithe / Líon na gclár atá curtha in ord tosaíochta</p> <p>Cruinnithe le hOifigigh Toghcheantar (DEA)</p> <p>Líon na n-imeachtaí for-rochtana</p>	<p>An dátheangachais a phríomhshruthú go himmheánach i bhfeidhmeanna na Comhairle, agus é seo a bhaint amach go forásach ag úsáid acmhainní atá inacmhainne</p> <p>An Ghaeilge a dhéanamh níos so-fheicthe agus á cur chun cinn ag leibhéal sholáthar seirbhíse</p> <p>Feabhsú maidir le dearcthaí dearfacha agus tuiscint i leith na Gaeilge</p>	<p>AnaG</p> <p>Freagracht chomhroinnte ag na Stiúrthóireachtaí cuí / Ionaid Sheirbhísí cuí</p>	<p>Ongoing</p>
<p>1.5</p> <p>Suíomh idirlín agus meáin shóisialta a fhorbairt agus a chaomhnú</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ascnamh sonraí • Ábhar Gaeilge ar shuíomh agus meáin shóisialta na Comhairle a chur i dtús áite, modhnóireacht a dhéanamh air agus é a 	<p>Suíomh idirlín agus meáin shóisialta dátheangach atá ag feidhmiú</p> <p>Líon na bpostálacha dátheangacha (Gaeilge / Béarla) ar chainéil na Comhairle</p> <p>Líon na bpostálacha a thugann eolas don phobal ar sheirbhísí reatha na Comhairle atá ar fáil trí Ghaeilge</p>	<p>Suíomh idirlín agus meáin shóisialta na Comhairle a fhorbairt, agus é seo a bhaint amach go forásach ag úsáid acmhainní atá inacmhainne</p> <p>Ag feidhmiú agus ag freastal ar riachtanais pobail na Gaeilge sa cheantar agus níos faide i gcéin</p> <p>Eolas níos fearr a bheith ag an</p>	<p>AnaG</p> <p>Freagracht chomhroinnte ag na Stiúrthóireachtaí / Ionaid Sheirbhísí cuí</p>	<p>Leanúnach</p>

<p>uasdátú</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá Aonad na Gaeilge ag cur leis an tsuíomh atá ann le heolas ar AnaG agus na seirbhísí cuí chomh maith le nasc chuig Straitéis na Gaeilge agus an eolas cuí 		<p>phobal ar uirlisí teanga atá in úsáid ag an Chomhairle faoi láthair (Google Translate agus barra uirlisí ReachDeck san áireamh)</p>		
<p>1.6 Clár Imeachtaí a fhorbairt i éineacht leis an Roinn Cumarsáide agus Margaíochta, na hlarsmalanna, na hlonaid Phobail agus na hlonaid Ealaíon</p>	<p>Bolscaireacht a dhéanamh ar ábhar agus imeachtaí i bhfad roimh na himeachtaí</p>	<p>An Ghaeilge a dhéanamh níos so-fheicthe agus ar shuíomh agus chainéil meán sóisialta na Comhairle</p> <p>Daoine a mhealladh isteach in ionaid de chuid na Comhairle chun sult a bhaint as imeachtaí Gaeilge / dátheangacha</p>	<p>AnaG</p> <p>larsmalanna</p> <p>Cumarsáid & Margaíocht</p> <p>Foireann Ealaíon agus Imeachtaí</p> <p>Foireann Rannpháirtíocht sa Phobal</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>1.7 Ullmhúchán a dhéanamh maidir leis an Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 a chur i bhfeidhm, agus gealltanais reachtacha na Comhairle a chomhlíonadh</p>	<p>Cruinnithe le príomh-eagraíochtaí na Gaeilge – teagmháil rialta le Conradh na Gaeilge maidir leis an fhorbairt reachtaíochta</p> <p>Cruinnithe le hOifigigh Gaeilge i gComhairlí Áitiúla eile le cúrsaí a phlé agus eolas a dhéanamh dár gcuid ullmhúcháin féin maidir le plean gnímh a chur le chéile</p>	<p>A hullmhaithe is atá an Chomhairle do chaighdeáin teanga a fhorbróidh Coimisinéir na Gaeilge nuair a ceapfar é</p>	<p>AnaG</p> <p>Polasaí Corparáideach</p> <p>Conradh na Gaeilge</p> <p>Comhairlí Áitiúla eile</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>1.8 Tuairiscí monatóireachta gach sé mhí le dul faoi bhráid an Ghrúpa Oibre Tras-Pháirtí um</p>	<p>Tuairiscí monatóireachta déanta</p>	<p>Monatóireacht a dhéanamh ar Straitéis na Gaeilge, chomh maith le hathbhreithniú agus measúnú</p>	<p>AnaG / Polasaí Corparáideach</p>	<p>Gach sé mhí le linn na straitéise</p>

Straitéis na Gaeilge				
<p>1.9 Forbairt acmhainne agus traenáil i leith na Gaeilge d'fhostaithe agus Bhaill Tofa:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Conair Forbartha Gairmiúla i leith na Gaeilge á bunú ag Acmhainní Daonna d'fhostaithe agus Bhaill Tofa; • Tacaíocht forbartha leanúnach a chur ar fáil do rannóga na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm Polasaí Dátheangachais na Comhairle agus na Nósanna Imeachta a bhaineann leis; • Cur chuige traidisiúnta, chomh maith le ríomhfhoghlaim • Scéim phíolótach le 10 bhfostaí ar dtús agus ag leathnú amach chuig grúpa is mó 	<p>Scileanna sa Ghaeilge á dtairiscint mar dheis don fhorbairt fhoghlama agus ghairmiúil – mar scéim píolótach ar dtús agus ag forbairt go líon daoine níos airde</p> <p>Líon na ndaoine a fhreastalaíonn</p> <p>Pacáiste r-fhoghlama a fhorbairt</p>	<p>Feabhsú i dtaca le scileanna agus eolas na bhfostaithe</p> <p>Fostaithe a bheith níos ábalta Polasaí Dátheangachais na Comhairle a chur i bhfeidhm agus a phríomhshruthú i bhfeidhmeanna na Comhairle chomh maith trína róil rannpháirtíochta pobail</p>	<p>AnaG</p> <p>Oifigeach Oiliúna & Forbartha in Acmhainní Daonna</p> <p>IT</p>	<p>Curtha ar fáil agus athbhreithni the go bliantúil i rith thréimhse na Straitéise</p> <p>Aibreán 2024 nó roimhe sin</p>
<p>1.10 Prionsabail inchosanta neamh-chlaonta maidir le scileanna Gaeilge a chur i bhfeidhm mar chuid de phróisis earcaíochta agus roghnúcháin</p>	<p>Líon na bpost a chuireann an Ghaeilge mar chritéar riachtanach nó inmhianaithe</p>	<p>Feabhsú i dtaca le scileanna agus eolas na bhfostaithe</p> <p>Seirbhís níos fearr do phobal na Gaeilge</p>	<p>Acmhainní Daonna</p> <p>AnaG</p> <p>Polasaí Corparáideach</p>	<p>Leanúnach</p>

1.11 Leanúint le léarscáiliú Infreastruchtúir Phobal na Gaeilge	Comhtháthú léarscáil infreastruchtúir na Gaeilge le freastal ar fhorbairt phobal na Gaeilge Comhoibriú leis an Fhoireann Fhianaise agus Taighde chun léarscáiliú Infreastruchtúir Phobal na Gaeilge a fhorbairt mar ghrafaic eolais a bhfuil logainmneacha leagtha amach air go dátheangach	Eolas is fearr ar infreastruchtúr Phobal na Gaeilge Feabhsú i dtaca le comhionannas deiseanna do chónaitheoirí ar mhaith leo rochtain a bheith acu ar sheirbhísí Gaeilge fud fad an phobail	AnaG Rannpháirtíocht Pobail	Leanúnach
1.12 Athbhreithniú ar Straitéis na Gaeilge 2024 - 2027	Athbhreithniú ceithre bliana ar Straitéis na Gaeilge	Monatóireacht, athbhreithniú agus measúnú ar Straitéis na Gaeilge 2024-2027 agus Straitéis na Gaeilge nua a fhorbairt	AnaG Polasaí Corparáideach	Samhain 2026 – Aibreán 2027

Cuspóir Straitéiseach 2	Teagmháil éifeachtúil a dhéanamh le Pobal na Gaeilge chun ábaltacht an phobail a neartú, comhoibriú agus comhpháirtíocht a spreagadh agus deiseanna maoinithe a aithint.			
Gníomh dearfach	Measúnú feidhmíochta	Torthaí	Freagracht	Amscála
2.1 Feasacht i leith sheirbhísí na Comhairle a fhorbairt i measc Phobal na Gaeilge agus a fheabhsú tríd an chur chuige 'Tairiscint Ghníomhach'	Líon na seirbhísí ábhartha a chuirtear chun cinn	Tuiscint níos fearr a bheith ag daoine ar sheirbhísí na Comhairle i leith na Gaeilge	Freagracht chomhroinnte ag na Stiúrthóireachtaí cuí	Leanúnach
2.2 Tacú le forbairt leanúnach Fóram an Dúin & Oiriaila	Méid na gcruinnithe a bhíonn ag an Fóram Líon na ndaoine a bhíonn i láthair Líon na ngrúpaí a bhíonn i láthair	Borradh ar rannpháirtíocht pobail i leith ceisteanna tábhachtacha Fás ar inbhuanaitheacht eagraíochtaí pobail Gaeilge	AnaG	Leanúnach

<p>2.3 Clár Scéim Cúnaimh Airgeadais Gaeilge a chur i bhfeidhm</p>	<p>Líon na n-iarratasóirí</p> <p>Líon na n-iarratasóirí rathúla</p> <p>Líon na rannpháirtithe sna tograí rathúla – i gcomhairle le hAonad na gClár</p>	<p>Forbairt agus athnuachan Phobal na Gaeilge, agus cúnaimh airgeadais a úsáid le rannpháirtíocht sa Ghaeilge a spreagadh trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> a) Tionscnaimh a chothaíonn acmhainn an phobail, meantóireacht, agus obair dheonach a fhorbairt. Táthar ag súil go spreagfaidh sé seo comhoibriú idir na pobail Ghaeilge atá forbartha agus pobail Ghaeilge nua, nó atá go fóill ag fás agus ag forbairt, chun acmhainní a roinnt, líonraí a neartú agus obair dheonach a spreagadh. b) Tionscnaimh rannpháirteachais pobail a fhorbraíonn caidreamh dearfach, a mhéadaíonn tuiscint agus feasacht teanga, a théann i ngleic le tuairimí agus a spreagann meas don Ghaeilge. 	<p>Aonad na gClár</p> <p>AnaG</p>	<p>Go bliantúil</p>
<p>2.4 Aird a tharraingt ar dheiseanna maoinithe eile do ghrúpaí Gaeilge seachas scéimeanna na Comhairle</p>	<p>Líon na ndeiseanna maoinithe eile, nach ón Chomhairle iad, a dtarraingítear aird orthu</p> <p>Líon na seisiún eolais / cur i láthair (ar líne nó duine le duine) le grúpaí Gaeilge</p>	<p>Tacaíocht a chur ar fáil d'iarratasóirí atá in ann cur isteach ar dheiseanna maoinithe nach ón Chomhairle iad</p> <p>Eolas a roinnt maidir le sruthanna maoinithe</p> <p>Cumas na ngrúpaí Gaeilge a thógáil le teacht ar mhaoiniú</p>	<p>AnaG</p> <p>Eagraíochtaí seachtracha maoinithe</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>2.5 Scéim Sparánachta na Gaeilge a</p>	<p>Méid na n-iarratas</p>	<p>Tacaíocht curtha ar fáil do dhaoine lena gcuid scileanna Gaeilge a</p>	<p>AnaG</p>	<p>Go Bliantúil</p>

<p>chur i bhfeidhm</p> <p>Córas ríomhbhainistithe a fhorbairt</p>	<p>Líon na n-iarratasóirí rathúla</p> <p>Méid bronnta</p> <p>Méid ama a ghlactar chun iarratais agus éilimh a phróiseáil</p>	<p>fheabhsú trí sparánachtaí a chur ar fáil chun freastal ar chúrsaí Gaeilge, cuirtear san áireamh: coláistí Gaeltachta, dianchúrsaí agus cúrsaí agus modúil tríú leibhéal</p> <p>Córas iarratais SSNG a nuachóiriú</p>	<p>IT</p>	<p>Eanáir 2024</p>
<p>2.6</p> <p>Comhoibriú díreach leis an earnáil oideachais, chomh maith le comhoibriú le Cumann na bhFiann (eagraíocht a oibríonn go díreach le daoine óga)</p>	<p>Méid na scoileanna a n-oibrítear leo</p> <p>Líon na ndaltaí ag freastal ar cheardlanna</p> <p>Líon na gclubanna óige a bhunaítear</p>	<p>Caidrimh fhiúntacha curtha ar bun agus caomhnaithe leis an earnáil oideachais</p> <p>Tacaíocht á tabhairt don earnáil dheonach trí dheiseanna do dhaltai scoile a chur chun cinn</p>	<p>AnaG</p> <p>Earnáil oideachais</p>	<p>Leanúnach</p>
<p>2.7</p> <p>Imeachtaí agus ábhar físe (ar na meáin shóisialta) a fhorbairt agus a chur chun cinn</p>	<p>Líon na n-imeachtaí</p> <p>Líon na sraitheanna físe á roinnt go bliantúil agus á gcur i gcartlann ar líne</p> <p>Líon na n-ionad Comhairle a úsáidtear d'imeachtaí</p> <p>Líon amharc agus rannta ar na meáin shóisialta</p>	<p>Ábhar Gaeilge a bheith níos sofheicthe ar líne</p> <p>Tionchar dearfach ag an Chomhairle ar an phobal trí fheasacht teanga agus téamaí san ábhar físe á roinnt</p> <p>Margaíocht éifeachtach á déanamh tríd an ábhar físe a chur ar scáileán: seisiúin “ceist agus freagra”</p> <p>Úsáid níos mó á baint as ionaid de chuid na Comhairle</p>	<p>ILU</p> <p>Foireann na n-iarsmalanna agus na n-áiseanna cuí</p> <p>IT</p> <p>Cumarsáid agus Margaíocht</p>	<p>Leanúnach</p>

Aguisín I: Anailís ar an Chomhairliúchán – Dréacht-Straitéis na Gaeilge 2023-2027

Cúlra

Aithníonn Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin gur dlúthchuid lárnach de chreatlach cultúrtha, oidhreachta agus féiniúlachta an cheantair í an Ghaeilge. Tá pobal Gaeilge láidir méadaitheach ina chónaí, ag obair, ag cuartaíocht agus ag bualadh le chéile i gceantar na Comhairle.

Tá an Chomhairle fós tiomanta do na cuspóirí atá leagtha amach i bPolasaí Dátheangachais na Comhairle agus cuireadh na struchtúir riachtanacha i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh rath agus bláth inbhuanaithe ar an Ghaeilge agus ar an Ghaelphobal.

Ag tógáil ar Straitéis na Gaeilge 2020-2023, tá Straitéis na Gaeilge forbartha againn don tréimhse 2023-2027.¹ Leagann an Straitéis amach go leanfaidh an Chomhairle leis:

- an Ghaeilge a mhéadú i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna
- an Ghaeilge a úsáid ina cuid cumarsáide leis an phobal agus le páirtithe leasmhara; agus
- an Ghaeilge a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chothú fud fad an cheantair.

Cuirtear i láthair sa tuairisc seo na torthaí ó chomhairliúchán reachtúil poiblí ar dhréacht-straitéis Ghaeilge Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin 2023-2027. Thosaigh an comhairliúchán ar an 20 Márta 2023 agus mhair sé ar feadh dhá sheachtain déag.

Fógraíodh an comhairliúchán poiblí sna nuachtáin áitiúla agus trí ardáin meán sóisialta na Comhairle. Ina theannta sin, roinneadh é le grúpaí agus eagraíochtaí Gaeilge a bhfuil teagmháil ag an Chomhairle leo. Bhain muid úsáid fosta as an ardán rannpháirtíochta *Living Well Together*.

Fuarthas 70 freagra.

¹ Moltar sa tuairisc seo go ndéanfar uasdátú ar an tréimhse a chuimsíonn Straitéis na Gaeilge – leasú go 2024-2027. Féach na moltaí thíos.

Torthaí


1. Misean

Cuireadh na freagróirí ar an eolas faoin mhisean dhá fhille seo a leanas i leith Straitéis na Gaeilge:

- Comhshaol tacúil a chruthú do ghnáth-úsáid na Gaeilge i riarachán inmheánach na Comhairle agus ina cuid gnóthaí le comhlachtaí poiblí eile agus an pobal iad féin.
- Caighdeáin cothromaíochta deiseanna a neadú, dul i ngleic le constaicí maidir le heolas agus seirbhísí, forbairt na Gaeilge a chur chun cinn, agus ceannasaíocht a léiriú le freastail ar riachtanais léirithe de chuid na bpobal Gaeilge atá ann cheana, chomh maith leo siúd atá ag teacht chun cinn.

Fiafraíodh de na freagróirí:

'Tríd is tríd, an dóigh leat go n-oireann an misean seo don chuspóir ba chóir a bheith ag Straitéis na Gaeilge?'



Leagtar amach sa tábla seo a leanas na figiúirí sonracha a bhaineann leis an chairt thuas:

Freagraí	
Oireann	39
Ní oireann	24
Níl a fhios agam	0
Gan freagra	7

Tugadh deis ansin d'fhreagróirí tuairimí breise a thabhairt maidir leis an méid thuas. Bíodh na tráchtanna seo a leanas san áireamh:

- **Cúlra agus Comhthéacs**

"Is údar iontais dúinn é nach dtugtar aon chúlra nó comhthéacs sa straitéis seo agus nach leagtar síos spriocanna intomhaiste maidir le líon na gcainteoirí/úsáideoirí Gaeilge a ardú; ní dhéantar cur síos ar phróifíl nó stádas na teanga agus ní thagraítear do na figiúirí daonáirimh is déanaí, rud a thabharfadh bunús agus fianaise láidir d'aon bheartas forásach atá cuimsithe sa straitéis féin agus a bheadh mar thúsphointe maith don Chomhairle le spriocanna intomhaiste a leagadh síos chun tógáil ar na figiúirí seo."

- **Buartha nach bhfuil an Polasaí Dátheangachais reatha á chomhlíonadh**

"Aithnítear go bhfuil polasaí dátheangachais ag an Chomhairle a thógann ar an choimítmint comhionannais agus a leagann síos coimítmint shoiléir go n-éascófar agus go spreagfar cur chun cinn na Gaeilge agus an Bhéarla, ach tá samplaí ann nuair nach mbíonn an Chomhairle féin fiú i gcónaí ag feidhmiú de réir an pholasaí sin..."

- **Tairiscint Ghníomhach**

"Ba cheart tagairt do 'tairiscint ghníomhach' fríd 'seirbhísí iomlána na comhairle' a chur san áireamh anseo, gan aon amhras."

- **Tús áite a thabhairt don chuid sheachtrach (dírithe ar an phobal) den straitéis**

"Mothaím gur cheart an tacú sochaí a chur chun tosaigh agus an tacaíocht inmheánach a chur sa dara áit or rud é nach rachaidh sé sin i bhfeidhm ar cheantar an Chomhairle chomh mór sin."

- "ní hamháin gur cheart go mbeadh sé mar mhisean ag an straitéis comhshaol tacúil a chruthú do ghnáth-úsáid na Gaeilge go himmheánach, ach go háirithe agus iad ag plé leis an phobal iad féin, ba cheart go mbeadh tagairt éigin ann do chur chun cinn agus forbairt na Gaeilge..."

- **Comhionannas Teanga**

An Ghaeilge ar chomhchéim leis an Bhéarla.

- **Constaicí a aithint agus a bhaint**

"Molaim chomh maith go n-aithnítear sa mhisean na constaicí atá roimh phobal na Gaeilge agus go mbeadh sé cuimsithe sa mhisean go rachaidh an Chomhairle i ngleic leis an chlaontacht sin trí chaoifhulaingt agus tuiscint ar

an teanga a mhéadú.”

- **Dualgais reachta reachtúla a aithint**

“Tá tagairt ar bith do chomhlíonadh dhualgais na Comhairle faoin Bhille Féiniúlachta agus Teanga, nó faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaithe go hiomlán in easnamh i misean na straitéise seo.”

- **Tús áite a thabhairt d’fheiceálacht na Gaeilge**

“Molaim arís go dtugtar suntas don tábhacht atá le feiceálacht na Gaeilge i bhfís na straitéise seo agus go n-athraítear an fhoclaíocht beagán chun é seo a léiriú...”


2. Fís

Cuireadh na freagróirí ar an eolas faoin ráiteas físe seo a leanas i leith Straitéis na Gaeilge:

- Comhshaol tacúil inbhuanaithe a chruthú d’úsáid agus d’athghiniúint na Gaeilge sa saol poiblí, pearsanta, eacnamaíochta agus pobail.

Fiafraíodh de na freagróirí:

‘Tríd is tríd, an dóigh leat gurb í seo an fhís ba chóir a bheith ag Straitéis na Gaeilge?’



Leagtar amach sa tábla seo a leanas na figiúirí sonracha a bhaineann leis an chairt thuas:

Freagraí	
Oireann	42
Ní oireann	20
Níl a fhios agam	0
Gan freagra	8

Tugadh deis ansin d’fhreagróirí tuairimí breise a thabhairt maidir leis an méid thuas. Bíodh na tráchtanna seo a leanas san áireamh:

- **Tús áite a thabhairt d’fheiceálacht na Gaeilge**
“More Irish language signs in public places”

- **'Gníomhach' agus 'Forásach'**

"ba mhaith liom an focal 'gníomhach' agus an focal 'forásach' a chur san áireamh anseo."

- **Cách san áireamh**

"Is fiú a luaith go bhfuil sé d'aidhm ag an Chomhairle go mbeidh an tacaíocht seo ann do gach duine sa cheantar beag bán ar a gcuid creidimh, polaitíochta, náisiúntachta srl."

3. Cuspóirí Straitéiseacha


Cuireadh na freagróirí ar an eolas faoi na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas i leith Straitéis na Gaeilge:

1. Forbairt na Gaeilge laistigh de Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus an ceantair é féin a éascú, a chumasú agus a spreagadh.
2. Teagmháil éifeachtúil a dhéanamh le Pobal na Gaeilge chun ábaltacht an phobail a neartú, comhoibriú agus comhpháirtíocht a spreagadh agus deiseanna maoinithe a aithint.


Fiafraíodh de na freagróirí:

'An dóigh leat gurb iad an dá chuspóir seo a leanas na cuspóirí straitéiseacha iomchuí do na chéad cheithre bliana eile?'

Maidir le Cuspóir Straitéiseach 1:



Maidir le Cuspóir Straitéiseach 2:



Tugadh deis ansin d'fhreagróirí tuairimí breise a thabhairt maidir leis an méid thuas. Bíodh na tráchtanna seo a leanas san áireamh:

- Tús áite a thabhairt don chuid sheachtrach (dírithe ar an phobal) den straitéis**

"I think the second one should be the highest priority and stated first". (i.e. that engagement with Irish Language Community should be prioritised).
- "Aontaím gur ceart go mbeadh forbairt na Gaeilge mar thosaíocht sna cuspóirí straitéiseacha, ach fosta, measaim gur ceart go mbeadh tagairt ann d'fhorbairt agus do chumasú an phobail féin."
- Teagmháil rialta le pobal na Gaeilge**

"Ní hamháin gur ceart go mbeadh teagmháil éifeachtúil ag an Chomhairle le pobal na Gaeilge, ach ba cheart go ndéantar an teagmháil seo ar bhonn rialta. Ba cheart fosta go leagann an chuspóir straitéiseach seo amach sprioc chun ábaltacht an phobail a neartú agus a fhorbairt."
- Teagmháil le foghlaimeoirí nua**

